

LEACRACHA MUINNTIR CHUIRRÍN.

Tá trí cinn acab ann i i dTráigh na Muice i bhFiod Inis atá siad amach ó Aill a' Chipín. Tháinig triúr fear ó Chill Chiaráin a' baint feamainne faoi'n aill. Tá na leacreacha seo tanaidhe dá mbeadh aon thaoille ann bheadh maoim ortha. Bhí an bád luchtuithe ag an triúr agus nuair a d'ímtigheadar amach de chlodach an oileáin bhí siad a dhul tar na leacreacha bhris an an mhaoim agus cuireadh an bád go leic. Báthadh an triúr fear a bhí sa mbád. Tá leacreacha Mhuinntir Chuirín ariamh ó shoin ortha.